An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council

# Ráitis Airgeadais

# don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2010

# Ráitis Airgeadais

**Cathaoirleach**
Lily Cronin

**Leas-Chathaoirleach**
Gerry Malone

**Baill na Comhairle**
Michael Barry (ceapadh 11 Deireadh Fómhair 2010)
Mary Brennan
Noel Buckley
Antoinette Buggle
Christy Carroll
Jerry Cronin
Elaine Devlin
Oliver Donohoe
Emer Egan
Ciarán Flynn
Eileen Flynn
Dr Jim Gleeson
Susie Hall
Prof. Kathy Hall
Dr Pádraig Hogan
Jack Keane (d'éirigh as 22 Márta 2010)
Micheál Kilcrann
Vivienne MacSweeney
Christopher Maginn
Dr Kevin Marshall
Anita McCann
Fergal McCarthy
Anne McElduff
Patrick McQuaile
Dympna Mulkerrins
Alice O'Connell
Maree O'Connell
Kieran O'Driscoll (cailleadh 29 Márta 2010)
Dr Ann O'Gara
Micheál Ó Gríofa
Tim O'Meara
Bernadine O'Sullivan
Eleanor Petrie
Seán Rowland (ceapadh 11 Deireadh Fómhair 2010)
Seán Rowley
Dr Pauric Travers
Milo Walsh

**Seoladh Gnó**
Bloc A
Campas Gnó Mhaigh Nuad
Maigh Nuad
Co. Chill Dara

**Iniúchóirí**
Anne Brady McQuillans DFK
Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe
Cúirt Iveagh
Bóthar Earchair
Baile Átha Cliath 2

**Baincéirí**
Banc na hÉireann
Príomhshráid
Maigh Nuad
Co. Chill Dara

Banc AIB plc
Príomhshráid
Maigh Nuad
Co. Chill Dara

**Dlíodóirí**
McDowell Purcell Partnership
Dlíodóirí
Foirgneamh Capel
Mainistir Mhuire
Áth Cliath 7

Arthur Cox
Dlíodóirí
Ionad Earlsfort
Ardán Earlsfort
Áth Cliath 2

## Tuairisc na Comhairle don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2010

Cuireann an Chomhairle a tuairisc i láthair mar aon le ráitis airgeadais don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2010. Bunaíodh An Chomhairle Mhúinteoireachta ar bhonn reachtúil ar an 28 Márta 2006 de réir an Achta um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001.

### *Príomhghníomhaíocht agus Athbhreithniú ar an nGnó*

Is é príomhghnó na Comhairle Múinteoireachta ná an mhúinteoireacht mar ghairm, ag leibhéil na bunscoile agus na hiar-bhunscoile a chur chun cinn, forbairt ghairmiúil múinteoirí a chur chun cinn, agus caighdeáin a rialú i ngairm na múinteoireachta.

Níor tháinig aon athrú suntasach ar na gníomhaíochtaí sin i rith na bliana dár críoch 31 Nollaig 2010.

### *Príomhrioscaí agus Neamhchinnteachtaí*

Tá an Chomhairle tar éis na rioscaí seo a leanas a mheas agus tá socruithe déanta chun na rioscaí a bhainistiú sa Chomhairle Mhúinteoireachta mar seo a leanas:

*Riosca Calaoise*
Déantar an riosca a mhaolú trí na dualgais a scarúint don ghabháil ar airgead agus don íocaíocht ar chreidiúnaithe. Tá nósanna imeachta agus smachtaí curtha i bhfeidhm ag an gComhairle chun a dheimhniú go ndéantar seiceáil ag gach céim ionas gur féidir cruinneas agus baillíocht na mbeart a chinntiú.

*Neamh-thosú ar eilimintí den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001*
Níl tús feidhme tugtha go fóill do roinnt eilimintí den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001, rud a chuireann srian ar scóp na Comhairle. Níl tús feidhme, ach go háirithe, ag Alt 30 (Clárú Éigeantach), Cuid V (Oiriúntacht don Teagasc), Alt 39 (Forbairt Ghairmiúil Leanúnach) agus Alt 7.2 (f) agus (g) (Ionduchtú agus Promhadh). Tá sé tugtha le fios ag an Aire Oideachais agus Scileanna go dtosóidh na feidhmeanna a bhaineann le hIonduchtú agus Promhadh i mí Mheán Fómhair 2012. Tá an Chomhairle i dteagmháil leis an Aire agus leis an Roinn Oideachais agus Scileanna chun tús feidhme Ailt 30 a chur chun cinn.

### *Torthaí*

Is é an barrachas a bhí ann don bhliain tar éis dímheas agus cánachas ná €3,244,564 (2009: €3,054,195). Eascraíonn an barrachas i ngeall ar gan tús a bheith curtha le roinnt d'fheidhmeanna na Comhairle agus an caiteachas a bheith, da réir, curtha ar athló. A luaithe agus a thosaíonn na feidhmeanna breise seo, tiocfaidh méadú suntasach ar chaiteachas bliana na Comhairle. Bainfear úsáid as an mbarrachas reatha do na costais oibríochtúla breise seo agus an táille á choimeád mar atá faoi láthair.

### *Forbairtí sa Todhchaí*

Tá sé i gceist ag an gComhairle leanúint ar aghaidh lena cuid gníomhaíochtaí reatha. Tá sé tugtha le fios ag an Aire Oideachais agus Scileanna go dtosóidh feidhmeanna na Comhairle don Phromhadh agus don Ionduchtú i mí Meán Fómhair 2012. Tá an próiseas reachtúil i dtreo thús feidhme Ailt 30 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001 (Clárúchán Éigeantach) idir lámha.

### *Leabhair Chuntais*

Tá sé dlite faoi Roinn 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, go bhfuil an Chomhairle freagrach as leabhair chuntais chearta a choimeád a léiríonn go sách cruinn ag am ar bith conas mar atá cuntais airgeadais na heagraíochta. Tá an Chomhairle freagrach freisin as sócmhainní na heagraíochta a chosaint agus dá réir sin as na céimeanna cuí a ghlacadh chun calaoisí nó mírialtachtaí eile a sheachaint. Coimeádtar leabhair chuntais na Comhairle Múinteoireachta ag Campas Gnó Mhaigh Nuad, Maigh Nuad, Co Chill Dara.

*Iniúchóirí*

Tá sé curtha in iúl ag na hIniúchóirí, Anne Brady McQuillans DFK, go bhfuil siad sásta leanúint ar aghaidh in oifig.

*Imeachtaí i ndiaidh dáta an Chláir Chomhardaithe*

Ní raibh aon chúinsí ná imeachtaí i ndiaidh dheireadh na bliana a éilíonn ceartú nó nochtadh sna ráitis chuntais, nó sna nótaí a ghabhann leo.

Ar son na Comhairle

**Lily Cronin**

***Cathaoirleach***

**Áine Lawlor**

***POF/Stiúrthóir***

**Dáta:** 13 Meitheamh 2011

## Ráiteas i leith Freagrachtaí na Comhairle do na Ráitis Airgeadais

Tá an Chomhairle freagrach as an Tuairisc Bhliantúil agus as na Ráitis Airgeadais a ullmhú mar atá dlite agus cuí de réir dlí na hÉireann, ar a n-áirítear Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, agus de réir Ghnáthchleachtais Chuntasaíochta in Éirinn, ar n-áirítear na caighdeáin chuntasaíochta a eisíonn Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta agus mar atá foilsithe ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn.

Éilíonn dlí na hÉireann ar a áirítear Alt 18(2) den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, go n-ullmhódh an Chomhairle ráitis airgeadais do gach bliain airgeadais agus go ndéanfaí cur síos cothrom agus fíor iontu ar ghnóthaí na heagraíochta don tréimhse sin.

Tá sé mar dhualgas ar an gComhairle agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu go ndéanfaí:

- polasaithe cuí cuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta ansin
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh
- cuntais airgeadais a ullmhú mar ghnóthas leantach ach amháin dá mbeadh sé míchuí a cheapadh go leanfadh an eagraíocht leis an ngnó.

Dearbhaíonn an Chomhairle gur chloígh siad leis na riachtanais thuasluaite nuair a bhí na ráitis airgeadais á n-ullmhú.

Tá freagracht ar an gComhairle leabhair chearta chuntasaíochta a choimeád a léiríonn go sách cruinn ag am ar bith staid airgeadais na heagraíochta agus a chuireann ar a cumas a dheimhniú go ndéantar na ráitis airgeadais a ullmhú de réir na gcleachtas cuntasaíochta a nglactar leo go coitianta in Éirinn agus de réir dlí reachtúil na hÉireann ar a n-áirítear Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001.

Tá an Chomhairle freagrach freisin as sócmhainní na heagraíochta a chosaint agus dá réir sin as na céimeanna is gá a ghlacadh chun calaoisí nó mírialtachtaí eile a sheachaint.

Tá an Chomhairle freagrach as cothabháil agus sláine an ghréasáin idirlín. D'fhéadfadh go mbeadh reachtaíocht na hÉireann maidir le dáileadh ráiteas airgeadais éagsúil ón reachtaíocht i ndlínsí eile.

Ar son na Comhairle



**Lily Cronin**
***Cathaoirleach***



**Áine Lawlor**
***POF/Stiúrthóir***

**Dáta:** 13 Meitheamh 2011

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Thar ceann na Comhairle aithním an fhreagracht atá orainn lena dheimhniú go ndéantar córas éifeachtach don rialú inmheánach airgeadais a chothabháil agus a chur i bhfeidhm.

Ní féidir leis an gcóras ach soláthar réasúnta gan a bheith absalóideach a thabhairt go bhfuil na sóchmhainní slán, go bhfuil na bearta údaraithe agus taifeadtha i gceart, agus go ndéantar botúin nó mírialtachtaí a sheachaint nó a aimsiú go tráthúil .

Tá na nósanna imeachta seo a leanas curtha i bhfeidhm ag an gComhairle agus tá sé mar fheidhm acu rialú inmheánach airgeadais a sholáthar:

a) déantar timpeallacht rialaithe chuí a dheimhniú trí chúramaí bainistíochta a bhíonn rianaithe go soiléir mar aon le nósanna imeachta  chun teipeanna rialaithe a aithint agus plé leo

b) déantar próiseas foirmeálta rioscaí gnó eagraíochtúla a aithint agus a mheas

c) déantar córas cuimsitheach pleanála agus buiséid a fheidhmiú agus déantar pátrúin caiteachais a athbhreithniú go míosúil

d) áirítear mar chuid de na nósanna imeachta chun plé le himpleachtaí airgeadais do mhór rioscaí gnó treoracha airgeadais agus nótaí do nósanna imeachta, nósanna imeachta don tarmligean ar nós teorainneacha údaraithe ag an gComhairle agus dualgais a dheighilt idir an próiseáil agus an faomhadh ar íocaíochtaí

e) nósanna imeachta don mhonatóireacht ar éifeachtacht an rialaithe inmheánaithe airgeadais ar a n-áirítear feidhm iniúchaidh inmheánaidh a fheidhmíonn de réir  an Chóid  Cleachtais don Rialachas ag Comhlachtaí Stáit agus agus tuairiscíonn don Choiste Iniúchóireachta.

Bíonn córas monatóireachta agus athbhreithniú na Comhairle faoi thionchar an eolais ón obair a dhéanann coiste bainistíochta na Comhairle Múinteoireachta a bhfuil freagracht orthu don chóras bainistíochta airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil, obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus an Coiste Iniúchóireachta mar aon le nithe a bhíonn le rá ag na hiniúchóirí seachtracha sa litir bhainistíochta agus sna tuairiscí a thagann uathu.

Rinneadh athbhreithniú foirmiúil ar na rialaithe inmheánacha airgeadais i 2010.

Thar ceann na Comhairle

**Lily Cronin**

***Cathaoirleach***

**Date:** 13 Meitheamh 2011

## Tuairisc Neamhspleách na nIniúchóirí chuig Baill na Comhairle Múinteoireachta

Tá iniúchóireacht déanta againn ar ráitis airgeadais na Comhairle Múinteoireachta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010 ina bhfuil Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, Clár Comhordaithe, Ráiteas Sreabhadh Airgid agus na nótaí a bhaineann leo. Tá na ráitis airgeadais seo ullmhaithe de réir nósmhaireachta costais stairiúil agus na polasaithe cúntasaíochta a bhaineann leo.

Tá an tuairisc seo curtha ar fáil do bhaill na Comhairle, mar chomhlacht, de réir mar a éilíonn Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001. Rinneadh ár gcuid oibre iniúchóireachta ionas gur féidir linn a chur faoi bhráid bhaill na Comhairle na gnóthaí sin gur gá dúinn a rá leo i dtuairisc iniúchóra agus ní ar mhaithe le haon ghnó eile. Chomh fada agus is féidir mar a cheadaíonn an dlí, ní ghlacaimid ná ní thógaimid orainn aon fhreagracht d'aon duine seachas an eagraíocht agus baill na Comhairle mar chomhlacht, don obair iniúchóireachta atá déanta againn, don tuairisc seo, ná don tuairim atá ag teacht uainn.

### *Freagrachtaí ar leithligh na Comhairle agus na nIniúchóirí*

Tá freagrachtaí na Comhairle maidir le tuairisc agus ráitis airgeadais á gcur ar fáil de réir dlí na hÉireann ar a n-áirítear Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, agus de réir na gcaighdeán cuntasaíochta atá eisithe ag Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta Airgeadais agus atá foilsithe ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (Gnáthchleachtas Cuntasaíochta in Éirinn) leagtha síos sa Ráiteas ar Dhualgais na Comhairle.

Is é an dualgas atá orainne ná iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais de réir mar a éilíonn ceanglas dlíthiúil agus rialála na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúchadh (an Bhreatain agus Éire).

Dearbhaímid daoibh gurb é ár dtuairim go dtugann na ráitis airgeadais dearcadh fíor agus cothrom de réir Gnáthchleachtais Chuntasaíochta in Éirinn agus gur ullmhaíodh iad de réir riachtanas dlí na hÉireann ar a n-áirítear Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001. Dearbhaímid daoibh freisin gurb é ár dtuairim gur choimeád an eagraíocht leabhair chuí, chuntas, agus go raibh an t-eolas a tugadh i dTuairisc na Comhairle ag teacht leis na ráitis airgeadais. Chomh maith leis sin léirímid, má tá an t-eolas uile faighte againn agus na míniúcháin is gá dar linn don iniúchadh a rinneamar, agus pé acu atá na leabhair ag réiteach leis na leabhair chuntais.

Déanaimid athbhreithniú lena fheiceáil an dtagann an Ráiteas ar Smachtaí Inmheánacha Airgeadais le comhlíonadh na Comhairle leis an gCód Cleachtais don Rialachas ag Comhlachtaí Stáit agus déanaimid tuairisciú ar aon uair nuair nach dtarlaíonn a leithéid, nó má tá míthuiscint le baint as an ráiteas nó é gan a bheith de réir eolais eile atá again ón ár n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais. Ní gá dúinn breathnú an gclúdaíonn an Ráiteas ar Smachtaí Inmheánacha Airgeadais na rioscaí agus smachtaí airgeadais uile, ná tuairim a chruthú ar éifeachtacht na nósanna imeachta riosca agus smachta.

Tá tuairisc na Comhairle léite againn agus táimid san airdeall faoi na himpleachtaí má chuirtear ar na súile dúinn go bhfuil aon mhíchruinneas suntasach inti.

### *Bunús Dhearcadh an Iniúchta*

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúchadh (an Bhreatain agus Éire) atá eisithe ag an mBord um Chleachtais Iniúchta. Mar chuid den iniúchadh bíonn scrúdú, ar bhonn trialach, ar fhianaise a bhíonn bainteach leis na méideanna agus an nochtadh a tugadh sna ráitis airgeadais. Áirítear freisin measúnú ar na meastacháin agus ar na breithiúnais shuntasacha a rinne an Chomhairle agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu, agus féachaint an bhfuil na polasaithe cuntasaíochta oiriúnach do chúinsí na heagraíochta, mar aon le hiad a bheith curtha i gcrích go seasta agus dóthain léirithe tugtha orthu.

Rinneamar pleanáil agus cur i gcrích ar ár n-iniúchadh ar bhealach go bhfuaireamar an t-eolas agus na míniúcháin a shíleamar a bhí riachtanach ionas go mbeadh dóthain fianaise againn le bheith muiníneach go leor go raibh na ráitis airgeadais saor ó ráitis mhíchruinn ábhartha, pé acu go calaoiseach, trí mhírialtacht nó trí bhotún. Rinneamar meastóireacht freisin, agus ár dtuairim á cur le chéile againn, ar shástacht iomlán leibhéal an eolais a cuireadh ar fáil sna ráitis airgeadais.

### *Tuairim*

Is é ár dtuairim go dtugann na ráitis airgeadais:

- dearcadh fíor agus cothrom, de réir Gnáthchleachtais Chuntasaíochta in Éirinn, ar staid ghnóthaí na Comhairle ar an 31 Nollaig 2010 agus ar a cuid torthaí don bhliain dar críoch an lá sin; agus

- gur ullmhaíodh i gceart iad de réir riachtanas dlí na hÉireann agus Alt 18 den Alt um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 san áireamh.

Tá an t-eolas go léir agus na míniúcháin go léir againn a shílimid a bheith riachtanach do ghnóthaí an iniúchta. Is é ár dtuairim gur choimeád an eagraíocht leabhair chearta, chuntais. Tá na ráitis airgeadais ag réiteach leis na leabhair chuntais.

Is é ár dtuairim go bhfuil an t-eolas i dtuairisc na Comhairle ag teacht leis na ráitis airgeadais.

**Anne Brady McQuillans DFK**
**Cuntasóirí Cairte & Iniúchóirí Cláraithe**
**Cúirt Iveagh**
**Bóthar Earchair**
**Baile Átha Cliath 2**

**Date:** 13 Meitheamh 2011

## Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2010

| | | 2010 | 2009 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| **Ioncam** | **Nótaí** | | |
| Táillí Clárúcháin agus Measúnaithe | | 6,985,948 | 6,711,842 |
| Táillí Creidiúnaithe | | 4,000 | 30,000 |
| Ioncam Eile | | 469 | 1,250 |
| **Ioncam Iomlán** | **2** | 6,990,417 | 6,743,092 |
| **Caiteachas** | | | |
| Costais Chóiríochta | | (273,673) | (279,051) |
| Costais Foirne | | (1,990,648) | (1,874,768) |
| Costais Eile Riaracháin | | (750,138) | (734,618) |
| Costais Cúrsaí, Comhdhálacha agus Cruinnithe | | (135,248) | (197,865) |
| Costais Clárúcháin agus Fíorúcháin | | (214,988) | (251,034) |
| Costais Teicneolaíochta agus Fáisnéise | | (135,404) | (116,368) |
| Costais Cumarsáide agus Oideachais | | (274,651) | (204,603) |
| Cailiúint ar dhiúscairt shóchmhainní inláimhsithe | | – | (757) |
| Dímheas | **7** | (117,681) | (120,448) |
| **Iomlán an Chaiteachais** | | (3,892,431) | (3,779,512) |
| Ús gnóthaithe agus ioncam den chineál céanna | | 146,672 | 90,865 |
| **Barrachas ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin** | **3** | 3,244,658 | 3,054,445 |
| Cáin | **6** | (94) | (250) |
| **Barrachas ar ghnáthghníomhaíochtaí i ndiaidh cánach** | | 3,244,564 | 3,054,195 |

Níl aon bharrachais ná cailliúintí aitheanta don tréimhse seachas an toradh airgeadais thuasluaite. D'eascair an toradh don tréimhse go hiomlán ó na hoibriúcháin leantacha.

Is cuid de na ráitis airgeadais sin na nótaí ar leathanaigh 57 go 65.

Thug an Chomhairle faomhadh do na ráitis airgeadais seo agus shíníodh iad ar 13 Meitheamh 2011 ar a son ag

Lily Cronin
*Cathaoirleach*

Áine Lawlor
*POF/Stiúrthóir*

# Clár Comhardaithe mar a bhí ag 31 Nollaig 2010

| | Nótaí | 2010 | | 2009 | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | € | € | € | € |
| **Bunsócmhainní** | | | | | |
| Sócmhainní inláimhsithe | **7** | | 422,434 | | 356,462 |
| Infheistíochtaí | **8** | | 10,594 | | 10,594 |
| | | | 433,028 | | 367,056 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | | | |
| Fiachóirí | **9** | 23,856 | | 4,670 | |
| Airgead ar láimh agus sa bhanc | | 8,086,401 | | 4,871,862 | |
| | | 8,110,257 | | 4,876,532 | |
| **Creidiúnaithe: Na méideanna a bheidh le n-íoc laistigh de bhliain amháin** | **10** | (121,881) | | (66,748) | |
| **Glansóchmhainní Reatha** | | | 7,988,376 | | 4,809,784 |
| **Iomlán na Sóchmhainní Lúide Dliteanais Reatha** | | | 8,421,404 | | 5,176,840 |
| **Cúlchistí** | | | | | |
| Cúlchiste Ainmnithe | **11** | | 1,500,000 | | 1,000,000 |
| Cúlchistí Ginearálta | **11** | | 6,921,404 | | 4,176,840 |
| **Iomlán na gCistí** | | | 8,421,404 | | 5,176,840 |

Is cuid de na ráitis airgeadais sin na nótaí ar leathanaigh 57 go 65.

Thug an Chomhairle faomhadh do na ráitis airgeadais ar 13 Meitheamh 2011 agus síníodh iad ar a son ag



Lily Cronin
*Cathaoirleach*



Áine Lawlor
*POF/Stiúrthóir*

# Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2010

| | Notes | 2010<br>€ | 2009<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Imréiteach ar bharrachas oibriúcháin go sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| Barrachas oibriúcháin (roimh ús a fháil) | | 3,097,986 | 2,963,580 |
| Dímheas | | 117,681 | 120,448 |
| Cailliúint ar dhiúscairt shócmhainní inláimhsithe | | – | 757 |
| (Méadú) na bhfiachóirí | | (19,183) | (4,425) |
| (Laghdú) / méadú na gcreidiúnaithe | | 55,133 | (629,336) |
| **Glanshreabhadh airgid thirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | 3,251,617 | 2,451,024 |
| **Ráiteas faoi Shreabhadh** | | | |
| Glanshreabhadh airgid thirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin | | 3,251,617 | 2,451,024 |
| Brabús ar infheistíochtaí agus Seirbhís a dhéanamh ar Airgeadas | **15** | 146,672 | 90,865 |
| Cáin | **15** | (97) | (714) |
| Caiteachas Caipitil agus infheistíocht airgeadais | **15** | (183,653) | (101,728) |
| **Méadú ar airgead tirim sa bhliain** | | 3,214,539 | 2,439,447 |
| **Imréiteach ar insreabhadh airgid chuig gluaiseacht i nglanchistí** | **16** | | |
| Méadú ar an airgead tirim sa bhliain | | 3,214,539 | 2,439,447 |
| Glanchistí ag 1 Eanáir 2010 | | 4,871,862 | 2,432,415 |
| **Glanchistí ag 31 Nollaig 2010** | | 8,086,401 | 4,871,862 |

# Nótaí faoi na Ráitis Airgeadais don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2010

## *1. Polasaithe Cuntasaíochta*

### 1.1. Coinbhinsiún Cuntasaíochta

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe ar bhonn an ghnóthais leantaigh agus de réir gnáth-phrionsabail na cuntasaíochta inghlactha leo in Éirinn agus de réir dlí na hÉireann. Caighdeáin chuntasaíochta a bhfuil glactha leo go ginearálta in Éirinn agus ráitis airgeadais á n-ullmhú, ag tabhairt dearcadh fíor agus cothrom faoi mar atá fógartha ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn, agus eisithe ag Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta Airgeadais.

### 1.2. Ioncam

Is ionann ioncam agus an t-airgead a fuarthas ó tháillí clárúcháin agus measúnaithe a fuarthas le linn na bliana. Déantar an t-ioncam/na táillí uile a fuarthas a chuntas ar bhonn admhálacha.

### 1.3. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe agus Dímheas

Déantar ráiteas faoi shócmhainní seasta inláimhsithe faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil lúide dímheas carntha. Déantar dímheas ar na sócmhainní seasta inláimhsithe uile a sholáthar, ag rátaí a dhéanann an costas a chealú lúide luach iarmharach gach sócmhainn ar an bhfad saoil úsáideach a mbeifí ag súil leis, mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Daingneáin agus Feistithe | - 10% líne dhíreach |
| Trealamh Ríomhaireachta | - 33.33% líne dhíreach |
| Bogearraí Ríomhaireachta | - 20% líne dhíreach |

Déantar dímheas leantach ar na sócmhainní seasta inláimhsithe a athbhreithniú go bliantúil féachaint an bhfuil aon lagú i dtréimhsí dá léireodh tarlaithe nó athraithe i gcúinsí nach bhfuil aon teacht aniar sa luacháil iasachta.

### 1.4. Infheistíochtaí

Déantar ráiteas faoi infheistíochtaí na mbunsócmhainní mar atá lúide soláthar do chaillteanas ina luach. Tugtar aitheantas sa chuntas caiteachais d'ioncam ó infheistíochtaí bunsócmhainní mar aon le cáin shiarchoinneálach sa bhliain inar gnóthaíodh é.

## Nótaí faoi na Ráitis Airgeadais don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2010

### 1.5. Pinsin

Tá scéim phinsin le sochar sainithe i bhfeidhm ag an gComhairle dá cuid fostaithe. Tá an scéim bunaithe ar Shamhail na Seirbhíse Poiblí agus tá sé faofa ag an Aire Oideachais agus Eolaíochta agus an Aire Airgeadais. Íoctar na sochair phinsin iníoctha faoin scéim as an Státchiste.

Mar aon leis seo, tá sainchomharthaí faoi leith ag socruithe na Comhairle:

- íocann an Chomhairle ranníocaíocht socraithe don Roinn Oideachais agus Scileanna.
- is ionann an ranníocaíocht agus cuid an fhostaí mar aon le cuid an fhostóra. De réir pholasaí an rialtais faoi phinsin san earnáil phoiblí íocann an fostóir 25% den phá comhlán ar son na bhfostaithe atá ag íoc ÁSPC ag ráta A agus 30% den phá comhlán d'fhostaithe atá ag íoc ÁSPC ag ráta D.
- tá gealltanas dearfa ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta mar aon leis an Roinn Airgeadais go n-íocfaidh an Státchiste costas na sochar nuair a bheidh siad iníoctha.

Is é tuairim na Comhairle gurb ionann na socruithe pinsin thuas ó thaobh airgid de, mar a fheictear don Chomhairle é, agus scéim phinsin le ranníocaíocht shainithe. Tá an Comhairle den tuairim nach bhfuil na forálacha sa scéim FRS 17, Cuntasaíocht do Shochair Scoir, a eascraíonn de bharr scéim le sochar sainithe, feiliúnach dá cuid cúinsí. Dá réir sin mínítear an ranníocaíocht amhail is dá mba scéim le ranníocaíocht sainithe í.

### 1.6. Cáin

Bunaítear an costas bliantúil cánach ar ioncam éighníomhach na bliana agus ríomhtar é ag tagairt don ráta cánach a dhlitear ar an dáta atá ar an gclár comhardaithe.

### 1.7. Cúlchistí Ainmnithe

Tá rún diongbháilte ag an gComhairle gur féidir leo suimeanna airgid gan teorainn a chur ar leataobh i gcomhair cúiseanna ainmnithe sa todhchaí, mar is rogha leo. Nuair nach bhfuil gá leis na suimeanna sin don chúis a bhí i gceist, scaoilfear iad ar ais sa Chúlchiste Ginearálta.

### *2. Ioncam*

Tá ioncam na heagraíochta don bhliain faighte ón bpríomhghníomhaíocht acu, a dtugtar fúithi go hiomlán in Éirinn.

# Nótaí faoi na Ráitis Airgeadais don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2010

| *3. Barrachas Oibriúcháin* | 2010 | 2009 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Tá an Barrachas Oibriúcháin luaite tar éis costais: | | |
| Dímheas | 117,681 | 120,448 |
| Cailliúint ar dhiúscairt shócmhainní seasta inláimhsithe | – | 757 |
| Luach saothair na nIniúchóirí | 6,389 | 7,190 |

| *4. Fostaithe* | 2010 | 2009 |
|---|---|---|
| | Number | Number |
| Uimhir na bhfostaithe | | |
| Ba é meán uimhir mhíosúil na bhfostaithe le linn na bliana: | | |
| Oifig agus bainistíocht | 39 | 41 |

| **Costais fostaíochta** | 2010 | 2009 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Pá agus tuarastail | 1,541,465 | 1,709,879 |
| Costais shlándála sóisialaí | 115,888 | 125,201 |
| Costais eile foirne | 18,625 | 5,203 |
| Costais Pinsean | 290,918 | (10,548) |
| Costais traenála foirne | 23,752 | 45,033 |
| | 1,990,648 | 1,874,768 |

### *5. Costais Pinsean*

Is ionann costas an phinsin agus na ranníocaíochtaí a íoctar don chiste pinsean ar son na Comhairle. I 2009 is í an chreidiúint ná an méid iníoctha don bhliain de €290,071 lúide na fiachais phinsin thar dhliteanais fhabhraithe ó bhlianta thart.

## Nótaí faoi na Ráitis Airgeadais don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2010

| *6. Cáin* | 2010<br>€ | 2009<br>€ |
|---|---|---|
| **Cáin don bhliain reatha** | | |
| Cáin ioncaim | 94 | 250 |
| | 94 | 250 |

Tá díolmhaithe ag an gComhairle Mhúinteoireachta ó Cháin Ioncaim maidir lena cuid gníomhaíochtaí. Tá dualgas cánach i gceist le hioncam éighníomhach, más ann dó (ar nós ús ar thaiscí).

# Nótaí faoi na Ráitis Airgeadais don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2010

## *7. Sócmhainní Seasta*

| | Daingneáin agus Feistis € | Bogearraí Ríomhaireachta € | Trealamh Ríomhaireachta € | Iomlán € |
|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | |
| Ag 1 Eanáir 2010 | 169,199 | 225,921 | 199,607 | 594,727 |
| Aguisíní | 38,922 | 93,948 | 50,783 | 183,653 |
| Diúscairt earraí | – | – | – | – |
| Ag 31 Nollaig 2010 | 208,121 | 319,869 | 250,390 | 778,380 |
| **Dímheas** | | | | |
| Ag 1 Eanáir 2010 | 33,715 | 65,812 | 138,738 | 238,265 |
| Um diúscairt | – | – | – | – |
| Costas don bhliain | 18,212 | 55,215 | 44,254 | 117,681 |
| Ag 31 Nollaig 2010 | 51,927 | 121,027 | 182,992 | 355,946 |
| **Glanluach leabhar** | | | | |
| Ag 31 Nollaig 2010 | 156,194 | 198,842 | 67,398 | 422,434 |
| Ag 31 Nollaig 2009 | 135,484 | 160,109 | 60,869 | 356,462 |

# Nótaí faoi na Ráitis Airgeadais don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2010

## *8. Infheistíochtaí*

| | Infheistíochtaí Liostaithe € | Iomlán € |
|---|---|---|
| **Costas** | | |
| Ag 1 Eanáir 2010 | 10,594 | 10,594 |
| Fuascailt i rith na bliana | – | – |
| Ag 31 Nollaig 2010 | 10,594 | 10,594 |
| **Glanluach leabhar** | | |
| Ag 31 Nollaig 2010 | 10,594 | 10,594 |
| Ag 31 Nollaig 2009 | 10,594 | 10,594 |

San áireamh sna hinfheistíochtaí tá bannaí agus stoc Rialtais, a bhfuil luach margaidh níos airde orthu ná an luach a léirítear thuas.

## *9. Fiachóirí*

| | 2010 € | 2009 € |
|---|---|---|
| Fiachóirí eile | 23,856 | 4,670 |

| | 2010 € | 2009 € |
|---|---|---|
| San áireamh le fiachóirí eile: | | |
| Cáin ioncaim le haisíoc | 156 | 153 |

# Nótaí faoi na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010

| *10. Crediúnaithe: Na méideanna atá le híoc laistigh de bhliain* | **2010** | **2009** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Cánacha eile agus costais shlándála sóisialaí | 64,006 | 6,345 |
| Fabhruithe | 57,875 | 60,403 |
| | 121,881 | 66,748 |

| | **2010** | **2009** |
|---|---|---|
| San áireamh le cánacha agus costais slándála sóisialaí eile: | **€** | **€** |
| CBL | 4,014 | 2,833 |
| ÍMAT / ÁSPC | 57,675 | 851 |
| CISG | 2,317 | 2,661 |
| | 64,006 | 6,345 |

| *11. Cúlchistí* | **Cúlchiste Ginearálta** | **Cúlchiste Ainmnithe** | **Iomlán** |
|---|---|---|---|
| | **€** | **€** | **€** |
| Cúlchistí Tosaigh | 4,176,840 | 1,000,000 | 5,176,840 |
| Barrachas don bhliain | 3,244,564 | – | 3,244,564 |
| Gluaiseachtaí eile | (500,000) | 500,000 | – |
| Cúlchistí deiridh | 6,921,404 | 1,500,000 | 8,421,404 |

De réir straitéis airgeadais na Comhairle, bunaíodh na cúlchistí ainmnithe mar chiste teagmhais chun aon chostas mór a d'fhéadfadh a theacht ó dhúshlán dlíthiúil d'aon chuid d'Acht na Comhairle Múinteoireachta, 2001 agus ó aon Rialú de chuid na Comhairle. De réir polasaí cuntasaíochta na Comhairle san áit nach mbeidh gá a thuilleadh leis na cistí seo scaoilfear ar ais sa Chúlchiste Ainmnithe iad.

## Nótaí faoi na Ráitis Airgeadais don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2010

| *12. Gealltanais Chaipitil* | **2010** | **2009** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Tá sonraí na nGealltanas Chaipitil ar dháta na cuntasaíochta mar seo a leanas: | | |
| Ceadaithe ach gan a bheith foráilte sna ráitis airgeadais | – | 120,000 |

Thug an Chomhairle faomhadh do chostais crua-earraí i mbuiséad 2010.

### *13. Dliteanais Theagmhasacha*

Tá caingean dlí ar feitheamh i gcoinne na Comhairle Múinteoireachta i leith stádas chláraithe múinteora. Tá an Chomhairle Múinteoireachta ag troid an cháis go huile is go hiomlán. Tar éis comhairle dhlíthiúil a fháil creideann an Chomhairle go mbeidh an bua ag an gComhairle Mhúinteoireachta sa chás ina coinne. Mar gheall ar go bhfuil an cás ar siúl go fóill ní fios cén toradh a bheidh ann agus níl aon sholáthar déanta i gcomhair na gcostas atá ceangailte leis an gcás.

### *14. Gnóthaí Chomhghaolmhara*

De réir an Achta um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, tá sé dlite do na baill aisíoc a fháil ar chostais a caitheadh le linn dóibh a bheith ag obair don Chomhairle agus do Choistí na Comhairle. Ba chóir do na baill, ar múinteoirí iad, a gcuid clárúchán a athnuachan gach bliain. Déantar na gnóthaí seo go léir ar bhonn fad láimhe agus tá siad curtha le chéile sna ráitis airgeadais seo.

## Nótaí faoi na Ráitis Airgeadais don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2010

| *15. Oll-shreabhadh Airgid* | 2010<br>€ | 2009<br>€ |
|---|---|---|
| **Torthaí ar Infheistíochtaí agus Seirbhís ar Airgeadas** | | |
| Ús gnóthaithe | 146,672 | 90,865 |
| **Cáin** | | |
| Cáin Ioncaim íoctha | (97) | (714) |
| **Caiteachas Caipitil agus Infheistíocht Airgeadais** | | |
| Íocaíochtaí chun sócmhainní inláimhsithe a fháil | (183,653) | (127,859) |
| Admhálacha ó dhíolachán sócmhainní inláimhsithe | – | 2,330 |
| Admhálacha ó dhíolachán infheistíochtaí | – | 23,801 |
| | (183,653) | (101,728) |

| *16. Anailís ar Athruithe na nGlanchistí* | Iarmhéid tosaigh<br>€ | Sreabhadh airgid thirim<br>€ | Iarmhéid deiridh<br>€ |
|---|---|---|---|
| Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh | 4,871,862 | 3,214,539 | 8,086,401 |
| Glanchistí | 4,871,862 | 3,214,539 | 8,086,401 |

### *17. Faomhadh do na Ráitis Airgeadais*

Thug an Chomhairle faomhadh do na ráitis airgeadais ar an 13 Meitheamh 2011 agus síníodh iad ar a son ag



**Lily Cronin**
***Cathaoirleach***



**Áine Lawlor**
***POF/Stiúrthóir***